# Dá mBeadh Rothar Agam



## Úna ag caint

Níl aon rothar agamsa. Dá mbeadh airgead agam **cheannóinn** rothar nua. **Thabharfainn** aire mhaith dó. **Ghlanfainn** gach lá é. **Chuirfinn** snas breá ar na cluasa agus ar an bhfráma. **Chuirfinn** aer isteach sa tiúb le **teannaire. Rachainn** ag rothaíocht faoin tuath go minic. **Gheobhainn** ceapairí ó Mhamaí. **Shuífinn** ar thaobh an bhóthair agus bheadh picnic agam. **Thiocfainn** ar scoil gach lá ar an rothar. Rachainn go dtí an siopa ar an rothar. Cheannóinn na **teachtaireachtaí** do Mhamaí.

**Foclóir:**

**snas,** shine — **teannaire,** bicycle pump
**cluasa,** handlebars — **teachtaireachtaí,** messages

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cad a cheannódh Úna dá mbeadh airgead aici?
   — bábóg.
   — gúna nua.
   — rothar.
2. Cad a dhéanfadh sí leis na cluasa?
   — Bhrisfeadh sí iad.
   — Chuirfeadh sí snas breá orthu.
   — Shuífeadh sí orthu.
3. Cad a cheannódh sí sa siopa?
   — teannaire.
   — peata madra.
   — teachtaireachtaí do Mhamaí.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. — aire mhaith don rothar.
2. Chuirfinn aer isteach sa tiúb le — .
3. — ar scoil gach lá ar an rothar.
4. — na teachtaireachtaí do Mhamaí.

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**

cheannóinn, ghlanfainn, gheobhainn, thiocfainn, rachainn, teannaire, cluasa.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cá rachadh Úna ag rothaíocht?
2. Cad a gheobhadh sí ó Mhamaí?
3. Conas a ghlanfadh sí an rothar?
4. Dá mbeadh rothar agatsa cad a dhéanfá?
5. Cá gceannódh Úna rothar nua?
6. Cad a chuirfeadh sí isteach sa tiúb le teannaire?

**Gramadach 30**

Dá mbeadh airgead agam **cheannóinn rothar nua.**
(téigh/ar laethanta saoire, faigh/culaith éadaigh, cuir/hata orm, glan/carr.)